# Gradam Shean-Nós Cois Life

# 8pm Satharn 5 Aibreán 2025

**Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6**




## Gradam Shean-Nós Cois Life 2025

Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2025**

**á bhronnadh ar an amhránaí**

**Muireann Nic Amhlaoibh.**

**Bronnfar an gradam ag seisiún mór amhránaíochta agus ceoil**

**ar an Satharn 5 Aibreán 2025**

**i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6**

**ag tosú ag 8pm.**

Fáilte roimh chách chuig an gceiliúradh seo áit a mbeidh seans agat cúpla amhrán a chasadh agus cúpla tiúin a sheinm inár dteannta!

## Gradam Shean-Nós Cois Life 2025 le bronnadh ar Mhuireann Nic Amhlaoibh

Is amhránaí agus ceoltóir traidisiúnta as Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí í Muireann Nic Amhlaoibh. Tá cáil uirthi mar amhránaí sean-nóis cé go gcanann sí amhráin ó réimse leathan seánraí eile chomh maith, le béim ar leith ar amhráin trí Ghaeilge. Tá mórán gradam bainte amach aici go dtí seo, ina measc Amhránaí na Bliana ag Gradam Ceoil TG4 in 2011 agus Amhránaí na Bliana ag na RTÉ Radio 1 Folk Awards in 2022.

Is de bharr feabhas agus áilleacht a cuid amhránaíochta ar an sean-nós a bhronnfar **Gradam Shean-Nós Cois Life** uirthi i mbliana.

## Sean-Nós Cois Life

Is in 1992 a bunaíodh an fhéile Sean-Nós Cois Life rud a chiallaíonn go mbeidh an 34ú féile á ceiliúradh againn in 2025. Ón gcéad fhéile a bhí againn in 1992 tá muid ag cur amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge chun cinn ar bhealach oscailte fáiltiúil.

**Bronntar Gradam Shean-Nós Cois Life gach bliain ar dhuine nó ar dhaoine a meastar go bhfuil saibhriú faoi leith déanta acu ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge thar na blianta.**

**Is féidir an scéal atá sa bpreasráiteas seo a scaipeadh láithreach.**

**Tuilleadh eolais: www.seannos.ie**

**@SeanNosCoisLife**

sncl2009@gmail.com

## Le tacaíocht ó

An Góilín

the arts council schomhairle ealaíon | cistiú na healaíona | artscouncil.ie

**ENGLISH VERSION BELOW:**

# Gradam Shean-Nós Cois Life

# 8pm Saturday 5 April 2025

**The Teachers' Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6**




## Gradam Shean-Nós Cois Life 2025

We are delighted to announce that

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2025**

will be presented live to the traditional singer

## Muireann Nic Amhlaoibh

during an open

**Session of traditional song and music**

**on Saturday 5 April 2025**

**in The Teachers's Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6**

**starting at 8pm.**

Everybody is welcome to join in this celebration where you will have a chance to sing or listen to a couple of traditional songs and listen to or play a few tunes!

## Gradam Shean-Nós Cois Life 2025 to be presented to Muireann Nic Amhlaoibh

Muireann Nic Amhlaoibh is a traditional singer and musician from the *Corca Dhuibhne Gaeltacht* in Co. Kerry. She is well-known as a *sean-nós* singer although she also sings in a wide range of other genres. She has received many awards to date including *Amhránaí na Bliana* at *Gradam Ceoil TG4* in 2011 and Best Folk Singer at the RTÉ Radio 1 Folk Awards in 2022.

We are delighted to present **Gradam Shean-Nós Cois Life 2025** to her in recognition of the excellence and beauty of her singing within the *sean-nós* genre.

## Sean-Nós Cois Life

*The **Sean-Nós Cois Life** festival was first founded in 1992 so 2025 sees us celebrate our 34th festival. From 1992 to the present moment the **Sean-Nós Cois Life** festival has been encouraging traditional singing in the Irish language in an open, friendly and welcoming atmosphere.*

***The Gradam Shean-Nós Cois Life award is presented each year in recognition of the special contribution made by its recipient to traditional singing in the Irish language.***

**The information in this press-release is not subject to embargo and may be released at any time.**

**For more information:**

www.seannos.ie

**@SeanNosCoisLife**

sncl2009@gmail.com

## With support from:

An Góilín

the arts council / an chomhairle ealaíon / cistiú na healaíona / artscouncil.ie